Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 23 Aibreán 2025**
**(OR. en)**

**7762/25**

**ENT 45**
**MI 194**
**COMPET 227**
**CHIMIE 21**
**IND 102**
**SAN 144**
**ENV 235**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Cinneadh ón gComhairle an ... lena gceaptar aon Chomhalta dhéag de Bhord Bainistíochta na Gníomhaireachta Eorpaí Ceimiceán (ECHA)<br>- Glacadh |

1. An 6 Bealtaine 2021, rinne an Chomhairle[1] athnuachan go ceann 4 bliana eile ar na ceapacháin chéad téarma agus ghlac sí ceapacháin nua do dháréag comhaltaí ar fad de Bhord Bainistíochta na Gníomhaireachta Eorpaí Ceimiceán (ECHA) don tréimhse ón 1 Meitheamh 2021 go dtí an 31 Bealtaine 2025, i gcomhréir le hAirteagal 79 de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006[2].

---

1 Cinneadh ón gComhairle an 6 Bealtaine 2021 lena gceaptar dháréag comhaltaí de Bhord Bainistíochta na Gníomhaireachta Eorpaí Ceimiceán IO C 185, 12.5.2021, lgh. 4-5;

2 Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán (REACH), lena mbunaítear Gníomhaireacht Eorpach Ceimiceán, lena leasaítear Treoir 1999/45/CE agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 793/93 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1488/94 ón gCoimisiún chomh maith le Treoir 76/769/CEE ón gComhairle agus Treoracha 91/155/CEE, 93/67/CEE, 93/105/CE agus 2000/21/CE ón gCoimisiún (IO L 396, 30.12.2006, lch. 1).

2. Ar bhonn an Chinnidh thuasluaite ón gComhairle, idir an 31 Eanáir agus an 1 Aibreán 2025, fuair an Chomhairle 5 ainmniúchán le haghaidh dara téarma de 5 bliana ón Ungáir, ón Iodáil, ó Lucsamburg, ón tSualainn agus ón Ísiltír. Tá seisear ainmnithe ag a dtíortha ón Ostair, ón bhFionlainn, ón tSlóivéin, ón Spáinn, ó Phoblacht na Seice agus ón Eastóin don chéad téarma mar Chomhaltaí de Bhord Bainistíochta ECHA don tréimhse ón 1 Meitheamh 2025 go dtí an 31 Bealtaine 2029.

3. I bhfianaise an mhéid sin, moltar go n-iarrfadh Coiste na mBuanionadaithe ar an gComhairle an méid seo a leanas a dhéanamh:

– an Cinneadh ón gComhairle, mar a leagtar amach é in 7210/25 (an téacs arna athbhreithniú ag na saineolaithe dlí agus teanga), a ghlacadh mar mhír gan phlé ag ceann de na cruinnithe a bheidh aici amach anseo;
– a chomhaontú go bhfoilseofar an Cinneadh seo in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.